Delivered by

THE NATIONAL LOTTERY COMMUNITY FUND

Tearmann Dúlra Dhroim nDamh – Bainisteoir Tearmainn

Tá Coiste Forbartha Charn Tóchair ag earcú Bainisteoir do Thearmann Dúlra Dhroim nDamh. Tá muid ag lorg duine atá díograiseach agus paiseanta ó thaobh bainistíocht inbhuanaithe a chomhordú agus plean a fhorbairt a chuideoidh le hinmharthanacht airgeadais an Tearmainn.

Fad an chonartha	3 Bliana
Uaireanta oibre	Lánaimseartha 37.5 uair sa tseachtain ar an mheán. Laistigh de ghnáthuaireanta oibre den chuid is mó, ach le meán 6 uair an chloig ar a mhéad in aghaidh na seachtaine lasmuigh de na hamanna seo.
Luach Saothair	£30,151 sa bhliain, (SRO 1) an tuarastal tosaigh
Suíomh	Tearmann Dúlra Dhroim nDamh, agus An Carn, 132A Bóthar Thír Chiana, Machaire Rátha, BT46 5NH.

Cur síos ar an Ról

Beidh ról lárnach ag Bainisteoir an Tearmainn Dúlra i mbun fhorbairt leanúnach an Tearmainn agus ag cinntiú a inbhuanaitheacht agus a inmharthanacht fhadtéarmach. Oibreoidh an Bainisteoir le Coiste Chairde Dhroim nDamh agus le hoibrithe deonacha le struchtúr láidir bainistíochta a bhunú don Tearmann agus le forbairt straitéiseach a chur chun cinn.

Freagrachtaí/Dualgais

I measc na bpríomhfhreagrachtaí, beidh:

- Samhail bhainistíochta inbhuanaithe a fhorbairt do Thearmann Dúlra Dhroim nDamh, ag díriú ar chumas agus scileanna an choiste a fhorbairt.
- Plean bainistíochta nua a athbhreithniú, a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm le béim ar struchtúir nua.
- Iniúchadh scileanna a dhéanamh agus plean oiliúna a chruthú do bhaill an choiste agus d'oibrithe deonacha.
- Baill nua den choiste agus oibrithe deonacha a mhealladh le bheith páirteach.
- Lámhleabhar ionduchtúcháin a chruthú d'oibrithe deonacha agus téarmaí tagartha a chinntiú do bhaill an choiste.

- Straitéis tiomsaithe airgid a chruthú chun sruthanna ioncaim agus imeachtaí pobail nua a bhunú.
- Plean Margaíochta/Cumarsáide a chur i bhfeidhm chun gnéithe éagsúla den tearmann a chur chun cinn.

Tréithe Riachtanacha

Beidh na tréithe riachtanacha seo a leanas ag an iarrthóir idéalach:

- Taithí dhá bhliain ar a laghad i ról bainistíochta.
- Taithí bliana ar a laghad ag obair le taifid airgeadais i dtimpeallacht tionscadail.
- Ard-inniúlacht i scileanna teicneolaíocht faisnéise, go háirithe MS Word, MS Excel, agus MS Outlook.
- Scileanna láidre idirphearsanta agus taithí ag obair le grúpaí pobail.

Tréithe Inmhianaithe:

- Inniúlacht sa Ghaeilge labhartha agus scríofa.
- Cúlra nó taithí timpeallachta.
- Taithí ar thiomsú airgid agus cláir a sholáthar.

Más duine fuinniúil réamhsmaointeach thú a bhfuil paisean agat do chaomhnú an dúlra agus d'fhorbairt pobail, molaimid duit iarratas a chur isteach don phost spreagúil seo mar Bhainisteoir nn Tearmainn Dúlra. Thiocfadh le do scileanna agus do dhúthracht tionchar suntasach a imirt ar thodhchaí Thearmann Dúlra Droim nDamh.

Spriocdháta d'Iarratais: 15ú Eanáir 2024 5 pm.

Próiseas Iarratais: Chun iarratas a dhéanamh, déan teagmháil le obair@ancarn.org leis ar fhoirm iarratais a fháil.

Is fostóir comhdheiseanna é Coiste Forbartha Charn Tóchair. Fáiltímid roimh iarratais ó iarrthóirí ó gach cúlra agus taithí agus spreagaimid a leithéid.